An Crúiscín Lán

Ó tá trí smaointe im' chroí nach dóigh libh
Níl aon gheal scilling go dtuillim ná go n-ólaim
Ní h-ionann is mar chách ní ar cháirt amháin a ghlaoimse
s' ní bheidh feoirling ins an sparán agam nuair a fhágfaidh mé an saol seo
Agus gheobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Curfá:
Grá mo chroí mo chrúiscín, sláinte geal mo mhuirnín,
Is cuma liom an chúilfhionn dubh nó bán.
Agus geobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Dá bhfaighinnse bás amárach d'fhágfainnse le huacht é
Mé a chur i dtigh an tábhairne go sásta fé'n bhfuarma
Mar a mbeadh na pint 's na cáirt 's na cnagairí dá mbualadh
'S gur binne liom a gceol siúd ná ceol binn na cuaiche
Agus gheobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Curfá

Dá bhfaighinnse bás amárach d'fhágfainnse le huacht é
Snaois 'gus tobac a bheith ar mo thórramh
A ndóthain le n-ithe a thabhairt dos na mná óga
Agus ligint do na seana mhná go ngoilfidís a ndóthain
Agus gheobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Curfá

Tá Paróiste na scairte seo ar mearthall le tréimhse
's Contae Cheatharlach gan dada i bhfoirm faobhar ann
Níl pící ann chun treascurtha ná claimhte acu chun eirligh
's buailfear iad is eagal liom ag seanphoic an Bhéarla
Agus gheobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Curfá

Dá bhfaighinnse bás i bhFearann Tuirc nó dá bhfágfainnse an saol seo
Go bhfeicfidh mé na Sasanaigh i steallachas na déirce
A gcuid rámhainní ar a ngualaibh is iad ag tuilleamh a gcuid réalach
Agus bróga boga briste orthu mar a bhíodh ar Chlanna Gael bocht.
Agus gheobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Curfá

Nuair a théimse siar chun iarthar Éireann
Cois sleasa agam go huaigneach is gan éinne beo dom ghaobhar ann
Séard a deir na daoine 'gus muintir mo chéile
Gurb olc an fear ag mnaoi mé gan leanbh a bheith a'méileach.
Agus gheobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Curfá

'S seard a deir mo bheansa nó an ar bhuile ataoi a stróinse
Téanaim ort abhaile nó ar ólais fós do dhóthain
Chun a' diabhail mhóir a bheirim thú a mhaireann ó do shórtsa
Mar beidh bean éigint eile agam ins gach baile beag dá ngeobhad ann.
Agus gheobham arís an crúiscín is bíodh sé lán.

Curfá

Iarla Ó Muirthile a rinne an cheardlann seo.

Le tacaíocht ó

arts council ealaíon | cistiú na healaíona traidisiúnta artscouncil.ie

An Góilín